Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chaiteachais na hOifige Luachála lena n-áirítear mionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.5 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas maidir le Prionsabail agus Polasaithe Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, mar Oifigeach Cuntasaíochta, a chinntiú go bhfuil córas rialála inmheánach den éifeacht ar bun agus á fheidhmiú ag an Oifig Luachála maidir le cúrsaí airgeadais. Is i gcomhthéacs na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus a leagtar de chúraimí eile orm mar Cheannaire Oifige a chomhlíontar an fhreagracht sin. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais go ndéantar sócmhainní á gcaomhnú, go ndéantar idirbhearta á n-údarú agus tuairisc mar is ceart á choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go luath-thráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

Cuirtear feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). Is é Rúnaí Ginearálta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freisin agus is é atá freagrach maidir leis na rialaithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig Luachála agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte chun deimhniú neamhspleách a thabhairt i ndáil le rialaithe a chur i bhfeidhm laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tugann gnólacht cuntasóirí faoi na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta i ndáil le Gníomhaíocht Deimhnithe (ISAE 3402) agus atá leagtha amach go ndéantar tuairisciú chuig ranna agus a n-iniúchóirí ar na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Tá na hiniúchtaí comhdhéanta de (i) measúnacht ullmhachta chun baoil a aithint agus na rialaithe bainteacha agus cuireann anailís ar bhearnaí ar fáil, agus ina dhiaidh sin (ii) tuairisc ar leagan amach rialaithe agus ar rialaithe atá ann (iii) tuarascáil bhliantúil ar cibé an bhfuil na rialaithe ag feidhmiú go héifeachtach.

Tá litir curtha ar fáil dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta ar an bpróiseas deimhnithe iniúchta agus táthar ag súil go dtuairisceofar domsa torthaí na n-iniúchtaí sin ar leagan amach agus ar fheidhmiú rialaithe de réir mar atá leagtha amach sa litir sin.

Glacaimse leis an gcóras rialaithe atá laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscítear dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte.

***Rialáil ar chúrsaí airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil córas rialála lena ngabhann na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- tá freagrachtaí airgeadais curtha i leith dhaoine ar leibhéal na bainistíochta agus córas cuntasachta dá réir sin i bhfeidhm
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ag a bhfuil freagracht maidir le bainistíocht airgeadais curtha i leith dhaoine
- tá gnáis fhoirmeálta curtha ar bun i ndáil le tuairiscíocht ar chásanna suntasacha ina dtarlaíonn teip rialála ionas go gcinntítear beart coigeartaithe cuí
- tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a thabhairt dom maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais.

***Gnáis rialála maidir le cúrsaí riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creatchóras ar bun maidir le gnáis riaracháin agus tuairiscí rialta bainistíochta lena ngabhann deighilt dualgais agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ar siúl lena mbaineann buiséad bliantúla a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach bearta athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí airgid tráthrialta agus ar thuairiscí bliantúla ónar léir an fheidhmíocht i gcúrsaí airgid i gcomórtas lena raibh á thuar
- go bhfuil córas bainistíochta maidir le cúrsaí baoil ar siúl san Oifig Luachála
- go bhfuil córais ar bun d'fhonn slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí leagtha síos maidir le rialáil ar infheistíocht caipitil agus disciplíní foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail
- Cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Bhí eisceacht amháin ann, de luach €84,987, le linn 2016 a bhain le ceadúnú do léarscáiliú Suirbhé Ordanáis na hÉireann (SOÉ). Tuairiscítear an eisceacht sin faoi Chiorclán 40/2002. Tharla an eisceacht sin mar go mbaineann sé le cóipcheart léarscáilithe SOÉ agus ó tharla gurb é an SOÉ, mar an ghníomhaireacht náisiúnta léarscáilithe, an t-aon eintiteas atá ábalta na sonraí mapála a bhí i gceist a cheadúnú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil iniúchadh inmheánach mar fheidhm de chuid na hOifige Luachála lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tagann an obair faoi scáth na hanailíse ar an mbagairt a bheadh ann ó thaobh cúrsaí airgeadais don Oifig Luachála agus bunaítear an plean bliantúil don iniúchadh inmheánach, arna ceadú agamsa, ar an anailís chéanna sin. Féachtar, trí na pleananna sin, le béim a leagan ar na bearta rialála príomhthábhachta arís agus arís eile i ndiaidh a chéile i rith tréimhse réasúnta ama. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tráthrialta ar an iniúchadh inmheánach. Tá gnáis oibre curtha ar bun agam trína gcinntítear go ndéantar beart de réir na dtuairiscí a eascraíonn ón iniúchadh inmheánach.

**John O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

28 Márta 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig Luachála**.** Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 11 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vota 16 An Oifig Luachála.

**Seamus MacCárthaigh**
Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 16 An Oifig Luachála
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seirbhís Luachála Stáit a sholáthar | 9,555 | 8,590 | 7,889 |
| B | Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála | 1,086 | 539 | 633 |
| | **Ollchaiteachas** | **10,641** | **9,129** | **8,522** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,150** | **1,139** | **1,325** |
| | **Glanchaiteachas** | **9,491** | **7,990** | **7,197** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr an méid a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 1,500,830 | 1,948,461 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,454 | 6,487 | 7,024 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 250 | 169 | 118 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 214 | 389 | 209 |
| iv | Postas agus seirbhísí teileachumarsáide | 100 | 88 | 49 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE | 630 | 649 | 651 |
| vi | Costais maidir le háitribh oifige | 160 | 116 | 100 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar pholasaithe | 50 | 47 | 12 |
| | | 8,858 | 7,945 | 8,163 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2016

| | Nóta | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | | 1,184 | 359 |
| Pá | | | 6,487 | 7,024 |
| Neamhphá | | | 1,458 | 1,139 |
| **Ollchaiteachas** | | | **9,129** | **8,522** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **1,139** | **1,325** |
| **Glanchaiteachas** | | | **7,990** | **7,197** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | 2.2 | (282) | | |
| Dímheas | 2.2 | 209 | | |
| | | | (73) | 199 |
| **Athraithe ar shócmhainní atá faoi fhorbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí - Airgead tirim | | | — | (134) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 123 | | |
| Laghdú ar stoc | | 4 | | |
| | | | 127 | (47) |
| **Caiteachas díreach** | | | **8,044** | **7,215** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | | 4,652 | 4,442 |
| **Glanchostas chláir** | | | **12,696** | **11,657** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | m | 3,546 | 3,680 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,106 | 762 |
| | | 4,652 | 4,442 |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **457** | **384** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 98 | 170 |
| Stoic | | 34 | 38 |
| Réamhíocaíochtaí | | 124 | 111 |
| Ioncam fabhraithe | | 71 | 140 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 77 | 83 |
| Dliteanas don Státchiste | 2.6 | 70 | (23) |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **474** | **519** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fabhraithe | | 121 | 88 |
| Ioncam iarchurtha | | 129 | 95 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 245 | 230 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **495** | **413** |
| **Glansócmhainní/(dliteanas) reatha** | | (21) | 106 |
| **Glansócmhainní** | | **436** | **490** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **436** | **490** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 490 | 508 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 9,491 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,501) | | |
| Vóta glan | | | 7,990 | 7,197 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit éigin eile | 1.1 | | 4,652 | 4,442 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (12,696) | (11,657) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **436** | **490** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TE agus Oifige | Troscán agus feistithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollshóchmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 1,517 | 1,118 | 2,635 |
| Breiseanna | 275 | 7 | 282 |
| Diúscairtí | (33) | (3) | (36) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 1,759 | 1,122 | 2,881 |
| | | | |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 1,192 | 1,059 | 2,251 |
| Dímheas don bhliain | 198 | 11 | 209 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (33) | (3) | (36) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 1,357 | 1,067 | 2,424 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **402** | **55** | **457** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **325** | **59** | **384** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid PMG agus airgead tirim | 46 | 94 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 52 | 76 |
| | 98 | 170 |

| **2.4 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Scéim pas taistil a fhéadfar a fhorchúiteamh | 77 | 59 |
| Réamh-mhaoiniú Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 16 |
| Réamhíocaíocht párolla | — | 8 |
| | 77 | 83 |

| **2.5 Iarmhéideanna Credimheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 137 | 152 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 65 | 65 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 39 | 7 |
| | 242 | 225 |
| Aisíoc ar tháillí achomhairc atá fós gan íoc | 3 | 5 |
| | 245 | 230 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 1,501 | 1,949 |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | (1,571) | (1,926) |
| Maoiniú (ó)/dlite don Státchiste | (70) | 23 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 98 | 170 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 77 | 83 |
| | 175 | 253 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (242) | (225) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (3) | (5) |
| | (245) | (230) |
| | (70) | 23 |

| **2.7 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí | 2,035 | 115 |

Baineann mórchuid na suime seo (€1,865,742) le conradh amháin le CBRE d´athluacháil reachtúil limistéir údaráis rátaíochta Cheatharlach agus Chill Chainnigh.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seirbhís Luachála Stáit a Sholáthar** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 7,078 | 6,290 | 6,730 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,404 | 1,458 | 1,139 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 203 | 20 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | 639 | — |
| | | 9,555 | 8,590 | 7,889 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí ollchaiteachas Chláir A €1 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 788 | Reáchtáladh feachtas earcaíochta chun deichniúr breise foirne luachála a earcú i dtús 2016 ach níor ceapadh ach ceathrar sa deireadh ón gcomórtas sin. Tá feachtas eile pleanáilte i dtús 2017. Bhí soláthar ann sa mheastachán chun €0.2 milliún a íoc le haghaidh athstruchturú leibhéal foirne chun struchtúr inchreidte a thabhairt ar ais. De bharr plé fadtréimhseach leis an bhfoireann, níor rinneadh aon dul chun cinn ar an ábhar seo go dtí deireadh 2016. Mar thoradh ar an dá rud sin bhí difríocht suntasach ar an gcaiteachas a bhí beartaithe. |
| Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | (130) | Fuarthas dhá bhille ar chostais i ndáil le cásanna achomhairc sa Chúirt Uachtarach a tugadh in aghaidh an Choimisinéara Luachála in 2008. I ndiaidh comhaontú ar chostais, íocadh tuairim is €194,500. Sháraigh an tsuim seo an meastachán vótáilte de €73,000 dá leithéid de tháillí. |
| Tionscadail náisiúnta athluachála | 361 | Ceapadh páirtí luachála seachtrach i lár na bliana chun tabhairt faoi thionscadal píolótach a bhain le hathluacháil a dhéanamh ar Cheatharlach agus Cill Chainnigh. Níor íocadh ach 64% de na híocaíochtaí ionchais do 2016 roimh dheireadh na bliana. Íocfar na híocaíochtaí eile in 2017 agus 2018. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 376 | 197 | 294 |
| B.3 | An Binse Luachála | 710 | 342 | 339 |
| | | 1,086 | 539 | 633 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí ollchaiteachas Chláir B €0.5 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 179 | Is í príomhchúis an tearc-chaiteachais ná, in aghaidh na riachtanas a rabhthas ag súil leo, níor ghá don Bhinse Luachála aon fhoireann bhreise shealadach a fhostú le linn 2016, toisc laghdú i líon na n-éisteachtaí a tionóladh le linn na bliana. Tharla coigilteas measta ar luach €132,000 dá bhrí sin. |
| An Binse Luachála | 368 | Bhí caiteachas neamhphá an Bhinse Luachála go mór faoi bhun mar a bhíothas ag súil leis de bharr laghdú ar líon éisteachtaí an Bhinse agus laghdú ina dhiaidh sin ar chostais a híocadh le baill maidir leis na héisteachtaí sin. San iomlán, dúnadh 383 cás ag an mBinse i 2016. Bunaiodh na meastacháin ar líon beartaithe de 420 éisteacht. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 60 | 31 | 39 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 120 | 83 | 108 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 600 | 700 | 712 |
| 4. | Táillí ó achomhairc don gCoimisinéir | — | 2 | 39 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 24 | 18 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 305 | 299 | 409 |
| | **Iomlán** | 1,150 | 1,139 | 1,325 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i ndáil le gach mírcheann ina raibh an toradh éagsúil, de níos mó ná €100,000 agus níos mó na 5%, ón méid a measadh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí athbhreithnithe luachála | (100) | Bhí teacht isteach ó tháille athbhreithnithe níos airde ná mar a measadh in 2016 de bharr díriú ar cásanna thríú páirtí, tógáil nua agus seanchásanna le linn na bliana. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 117 | 116 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,966 | 6,448 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 107 | 145 |
| Ragobair | 4 | 7 |
| ÁSPC an Fhostóra | 410 | 424 |
| **Pá Iomlán** | **6,487** | **7,024** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasmhéid íocaíochta aonair 2016 | Uasmhéid íocaíochta aonair 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 23 | — | 8,274 | 18,476 |
| Liúntais eile | 22 | — | 1,855 | 4,693 |
| Ragobair | 6 | — | 3,578 | 5,881 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 18 | — | 7,823 | 18,476 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh €1,140 do státseirbhíseach amháin a bhí fostaithe ar conradh ar tascanna speisialta.

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

**6.1 Costais dlí**

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ón bpobal** | | | | | | |
| Costas a dámhadh mar thoradh ar achomhairc chuig an mbinse luachála | 3 | 3 | 200 | — | 203 | 20 |

**6.2 Cónascadh**

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, rinne an Rialtas cinne ar 31 Deireadh Fómhair 2012 leanúint le cónascadh an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine.  Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcónascadh sin.  Tá an Bille um Thailte Éireann á dhréachtú faoi láthair.

Idir an dá linn, tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh ar 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh sé air ag obair ar phleanáil agus ar leagan amach bhonneagar riachtanach na heagraíochta nua agus leanfaidh an Oifig Luachála ag tabhairt gach tacaíochta dó chuige sin.

Faoi réir reachtaíochta riachtanach a rith, beidh bord reachtúil mar chuid de struchtúr rialachais Thailte Éireann.  Beidh oifigeach reachtúil, a thuairisceoidh don Príomhfheidhmeannach, i mbun gach ceann de phríomhfheidhmeanna Thailte Éireann (Clárú, Luacháil agus Suirbhé) agus tuairisceoidh an Príomhfheidhmeannach ansin don Bhord.  Státseirbhísigh a bheidh i bhfoireann na heagraíochta nua agus maoinófar an eagraíocht trí struchtúr Vóta.  Ní mheasfar go mbeidh aon tionchar ag an gcónascadh ar luach iompartha shócmhainní ná dliteanais na hOifige Luachála.